**Caingean arna tabhairt an 14 Samhain 2022 – Piamark v an Coimisiún**

**(Cás T-715/22)**

(2023/C 24/83)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Piamark, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: P. Vidal Matos agus F. Lança Martins, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ina iomláine;

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena achomharc i gcoinne Chinneadh (AE) Uimh. 2022/1414 an Choimisiúin an 4 Nollaig 2020, maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex-2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) – Scéim III [arna fhógairt le huimhir C(2020) 8550] (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí mar gheall ar an gcóras tagartha a bheith aitheanta go mícheart, gan beann a bheith tugtha air go bhfuil sé de chumhacht eisiach ag Poblacht na Portaingéile na critéir maidir le rochtain a fháil ar Scéim III den Zona Franca da Madeira chomh maith leis na critéir chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin a bhunú, de shárú ar Airteagal 4(2) CAE agus ar Airteagail 107(1) agus 263 CFAE.

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas atá ag baint le hábhar chun Scéim III den Zona Franca da Madeira a chur chun feidhme mar is cuí, a mhéid gur ghlac Poblacht na Portaingéile critéir chuige sin atá i gcomhréir le hAirteagal 107(1) CFAE.

An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí mar gheall ar neamhréireacht leis an oibleagáid cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid a shonrú, mar gheall ar mhainneachtain a léiriú go bhféadfaí difear a dhéanamh don trádáil idir Ballstáit agus an iomaíocht a shaobhadh le Scéim III den Zona Franca da Madeira, de shárú ar Airteagail 107(1), 263 agus 296, an dara fomhír, CFAE.

An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí mar gheall go ndearnadh sárú ar phrionsabail na soiléireachta agus na deimhneachta dlíthiúla, a chumhdaítear in Airteagal 16(1) de Rialachán Uimh. 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015, lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 CFAE a chur chun feidhme.

An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí mar gheall ar go ndearnadh sárú ar an gceart chun maoine príobháidí, a chumhdaítear in Airteagal 1 den Phrótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.